**RABHADH**
**CAITHFEAR an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar ag deireadh an scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo**: ☞

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

# Gnó – Gnáthleibhéal

**(400 marc)**

## DÉARDAOIN 14 MEITHEAMH 2018 – MAIDIN 9:30 – 12:00

**FREAGAIR**

**(A) Deich** gceist as **ROINN 1**

**AGUS**

**(B) Ceithre** cheist as **ROINN 2 mar seo a leanas:**

Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2** agus
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2.**

**Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.**

**Ceadaítear áireamháin a úsáid.**
**Déanamh agus Múnla an Áireamháin a Úsáideadh:**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Iomlán | |

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a chur ar ais i dteannta an fhreagarleabhair a úsáidtear chun Cuid 2 a fhreagairt.**

# ROINN 1
**(100 marc)**

## CEISTEANNA GEARRFHREAGRA

**Freagair 10 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist. Cuir an scrúdpháipéar seo ar ais in éineacht le do fhreagarleabhar, le do thoil.**

**1.** Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.)
Scríobh gach freagra sa spás cuí.

| | |
|---|---|
| CCÚT (DIRT) | |
| UAP (PIN) | |
| ÍMAT (PAYE) | |

**2.** Scríobh an focal **INFHIONTRAÍ** nó an focal **FIONTRAÍ** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas chun a chur in iúl cé acu infhiontraíocht nó fiontraíocht atá i gceist iontu.

| | |
|---|---|
| Fostaí de chuid Sony a smaoinigh ar an Sony Playstation den chéad uair. | |
| Tosaíonn beirt chéimithe de chuid Ollscoil Stanford gnólacht ar a dtugtar Snapchat atá bunaithe ar aip chun fótagraif a roinnt. | |
| Fostaí de chuid Facebook a smaoinigh den chéad uair ar an gcnaipe 'like' mar mhodh chun a chur in iúl gur thaitin postáil nó fótagraf leat. | |
| Fostaí de chuid Google a smaoinigh den chéad uair ar an tseirbhís ríomhphoist, a dtugtar Gmail anois uirthi. | |
| An blagálaí faisin agus áilleachta Éireannach, Pippa O'Connor, ag seoladh raon jíons dá cuid féin. | |

**3.** Phríobháidigh Rialtas na hÉireann Bord Gáis in 2014. Mínigh an téarma **príobháidiú**.

**4.** Roghnaigh na focail chuí chun an abairt thíos a chríochnú. (Tá dhá fhocal ann nach mbeidh in úsáid.)

**CUMASC; SAINCHEADÚNAS; COMHGHUAILLÍOCHT STRAITÉISEACH; TÁTHCHEANGAL.**

Is é atá i gceist le ____________________________________________ ná dhá ghnólacht ag teacht le chéile dá ndeoin féin chun gnólacht amháin a dhéanamh díobh, agus is é atá i gceist le ______________________________ ná dhá ghnólacht ag obair le chéile ar thionscadal faoi leith agus gan aon athrú a theacht ar úinéireacht na ngnólachtaí.

**5.** Líon isteach na heilimintí d'Anailís LLDB atá ar iarraidh sna spásanna 2, 3, agus 4 sa tábla thíos.

| |
|---|
| **1.** Láidreachtaí |
| **2.** |
| **3.** |
| **4.** |

**6.** Déan **an pá glan bliantúil** a thugann Siobhán Ní Ifearnáin abhaile léi a ríomh ó na sonraí seo a leanas.
**Taispeáin do chuid oibre sna spásanna atá curtha ar fáil.**

| Ainm: Siobhán Ní Ifearnáin | | **€** | **€** |
|---|---|---|---|
| Pá Comhlán | | | 70,000 |
| **Asbhaintí** | | | |
| ÍMAT (20% de €34,550)<br>(40% de €35,450)<br><br>- Creidmheasanna Cánach | 6910<br>14180<br>21090 | <br><br>21090<br>-4200 | |
| ÍMAT Glan | | 16890 | |
| ÁSPC (4% de €70,000) | | **(i)** | |
| MSU (3% de €70,000) | | **(ii)** | |
| **Asbhaintí Iomlána** | | | **(iii)** |
| **An Pá Glan Bliantúil a thugtar abhaile** | | | **(iv)** |

| **Taispeáin do chuid oibre**<br>**ÁSPC** | **Taispeáin do chuid oibre**<br>**MSU** |
|---|---|
| | |

**7.** Scríobh **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ráitis díobh seo a leanas.

| | |
|---|---|
| Cáin ghnóthachan caipitiúil a thugtar ar an gcáin a íoctar ar bhrabús cuideachta. | |
| Tagraíonn 'réise rialúcháin' do líon na bhfostaithe a thuairiscíonn do dhuine sinsearach. | |
| Déanann grúpaí sainleasa stocaireacht ar Rialtas ar son a gcuid ball. | |
| Déanann Ceardchumann ionadaíocht ar son tomhaltóirí atá in aighneas le miondíoltóir. | |

**8.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál gníomhaíocht thionsclaíoch oifigiúil is féidir le ceardchumann a dhéanamh mar chuid d'aighneas caidrimh thionsclaíoch.

(i) ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(ii) ______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

**9.** Déan Meamram ó Mháire de Mórdha, bainisteoir TF, chuig gach bainisteoir rannóg a dhréachtú le meabhrú dóibh gach ball den fhoireann a chur ar an eolas faoin tábhacht a bhaineann le sonraí íogaire a chosaint ar chibear-bhagairtí slándála. **Bíodh dáta an lae inniu agat** ar an meamram.

**MEAMRAM**

**Chuig:** ______________________________________________

**Ó:** ______________________________________________

**Dáta:** ______________________________________________

**Maidir le:** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**Síniú:** ........................................ **Teideal:** ........................................

**10.** Déan cur síos, **agus sampla á thabhairt agat**, ar a bhfuil i gceist le cuideachta ilnáisiúnta.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**11.** I gcomhthéacs cruinnithe, mínigh na téarmaí **clár** agus **miontuairiscí**.

Clár:__________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

Miontuairiscí:__________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

**12.** Déan liosta de na **trí** thoisc táirgeachta eile:

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **SAOTHAR** | | |

**13.** Is é is cuspóir le Caidreamh Poiblí (PR) ná an dea-íomhá atá ag gnólacht a choinneáil. Sna spásanna thíos, cuir in iúl cén modh PR as an liosta seo a leanas atá in úsáid i n**gach** cás: ***Tacaíocht Ceiliúráin, Urraíocht, Preaseisiúint.***

| | |
|---|---|
|   | Sampla de ________________________________ is ea Vodafone agus foireann Rugbaí na hÉireann. |
|   | Sampla de ___________________________________ is ea David Beckham agus Mórshiopa H & M. |
|   | D'úsáid Apple ____________________________chun seoladh an iPhone X a fhógairt. |

**14.** Léirigh le tic (✓) sa bhosca ceart, an cineál plean lena mbaineann gach ráiteas thíos faoi uachtar reoite Ben & Jerry:



| Ráiteas | Plean Straitéiseach | Plean Oirbheartaíochta | Ráiteas Misin | Plean Teagmhais |
|---|---|---|---|---|
| Tá sé mar aidhm ag Ben & Jerry rathúnas nasctha a chruthú do gach duine atá bainteach lena ngnólacht: soláthraithe, feirmeoirí, saincheadúnaithe, custaiméirí agus comharsana. | | | | |
| Tá sé mar aidhm ag Ben & Jerry leanúint ag cur leis an raon táirgí agus leis na láithreacha atá acu as seo go ceann deich mbliana. | | | | |
| Aistreoidh Ben & Jerry chuig foinsí neamhdhéiríochta dá n-uachtar reoite má bhíonn ganntanas bainne ann. | | | | |
| Cuirfidh Ben & Jerry leis an raon d'uachtar reoite veigeánach atá acu as seo go ceann sé mhí. | | | | |

**15.** Is liosta de théarmaí a úsáidtear sa trádáil idirnáisiúnta atá i gColún 1. Is liosta de mhíniúcháin ar na téarmaí sin atá i gColún 2.
Déan an dá liosta a mheaitseáil. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir chuí thíos. **Tá míniúchán amháin ann nach féidir a mheaitseáil le haon téarma díobh**.

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Téarmaí Gnó | Míniúcháin | |
|---|---|---|
| **1.** Bloc Trádála | **A.** | Dlí de chuid an Aontais Eorpaigh nach mór a chur chun feidhm láithreach i ngach tír de chuid an Aontais. |
| **2.** Rialachán | **B.** | Teorainn leis an méid de tháirge faoi leith is féidir a iompórtáil isteach i dtír. |
| **3.** Trádbhac | **C.** | Gnólachtaí domhanda ag caitheamh leis an domhan mar mhargadh aonair amháin. |
| **4.** Cuóta | **D.** | Cáin ar earraí agus ar sheirbhísí a iompórtáiltear. |
| **5.** Taraif | **E.** | Grúpa tíortha a bhíonn ag saorthrádáil le chéile – ní bhíonn aon bhac ar an trádáil idir na tíortha sin. |
| | **F.** | Cosc ar earra áirithe a iompórtáil isteach i dtír. |

**Ná déan dearmad an scrúdpháipéar seo a chur ar ais i dteannta an fhreagarleabhair a úsáidtear chun Cuid 2 a fhreagairt.**

# ROINN 2

**(300 marc)**

Freagair **ceithre** cheist as ROINN 2 mar seo a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1** agus
**Dhá** cheist as **Cuid 2 AGUS**
Ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó **Cuid 2**.

# CUID 1

## DAOINE SA GHNÓ

### CEIST 1

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Páirtithe Leasmhara agus Caidreamh**
Tagraíonn Páirtithe Leasmhara do ghrúpaí éagsúla daoine a mbíonn tionchar díreach ag na cinntí a dhéanann gnólacht orthu. Bíonn leas ag páirtí leasmhar i rath gnólachta.

**(A)** Maidir leis na páirtithe leasmhara seo a leanas i ngnólacht,
(i) mínigh an téarma **fostaí**
(ii) mínigh an téarma **bainisteoir.** (15 mharc)

**(B)** Déan cur síos ar an gcaidreamh a d'fhéadfadh a bheith ag na páirtithe leasmhara seo a leanas le gnólacht: (i) **infheisteoir** agus (ii) **soláthraí**. (15 mharc)

**(C)** Má cheannaíonn tomhaltóir táirge lochtach, cé atá freagrach – an miondíoltóir **nó** an déantóir? Mínigh do fhreagra **agus** ainmnigh an dlí a thugann cosaint don tomhaltóir sa chás sin. (15 mharc)

**(D)** Is féidir Cúirt na Mionéileamh a úsáid chun gearáin ó thomhaltóirí a réiteach.

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste don tomhaltóir as cás a thabhairt chuig **Cúirt na Mionéileamh**. (15 mharc)

**(E)**

WRC
An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre
Workplace Relations Commission

Nuair a chreideann fostaí gur caitheadh go héagórach leis nó léi san áit oibre, is féidir leis an duine sin gearán a dhéanamh tríd an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Tá dlíthe mar an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta agus an tAcht um Dhífhostú Éagórach ann chun cearta fostaithe a chosaint.

Liostaigh **ceithre** cinn d'fhorais ar a dtoirmisctear leithcheal san áit oibre. (15 mharc)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT INTÍRE

### CEIST 2

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Tógáil JSK Teo.**

Gnólacht tógála Éireannach is ea Tógáil JSK Teo. atá ag tógáil eastát tithíochta nua i gCill Dara faoi láthair. Léirigh taighde margaidh go bhfuil líon mór daoine sa cheantar áitiúil fostaithe ag cuideachtaí ilnáisiúnta. Beidh breis agus 60 duine fostaithe nuair a bheidh na tithe cónaithe nua á dtógáil. Cuireann Tógáil JSK Teo. iad féin chun cinn mar ghnólacht eiticiúil "*a dhéanann an rud ceart ar mhaithe leis na custaiméirí, leis na fostaithe agus leis an gcomhshaol*".

**(A)** (i) Ainmnigh an earnáil den gheilleagar ina bhfeidhmíonn Tógáil JSK Teo.
(ii) Mínigh earnáil **amháin** eile den gheilleagar agus tabhair sampla **amháin** de ghairm san earnáil sin. (15 mharc)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann an geilleagar áitiúil as Tógáil JSK Teo. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a ndéanann cuideachtaí ilnáisiúnta cinneadh lonnú in Éirinn. (20 marc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla d'iompar eiticiúil ag gnólacht. (15 mharc)

**(E)** Mínigh an téarma **dliteanas teoranta**. (10 marc)

**(75 marc)**

## TIMPEALLACHT IDIRNÁISIÚNTA


### CEIST 3

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Trádáil Idirnáisiúnta na hÉireann**

Tháinig ardú go **€11 billiún** ar luach na n-**easpórtálacha iomlána** i Mí an Mhárta 2017. Ag an am céanna, tháinig titim go **€5.8 billiún** ar luach na n-**iompórtálacha iomlána** i mí an Mhárta.

**Foinse 1 – www.irishtimes.com**




**Foinse 2 – www.independent.ie**

**(A)** (i) Ón eolas atá tugtha i bh**Foinse 1,** ríomh **Comhordú na nÍocaíochtaí** do mhí an Mhárta.
(ii) Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá ann**. Taispeáin do chuid oibre**. (15 mharc)

**(B)** Mínigh agus tú ag úsáid sampla i n**gach** cás, an difríocht idir easpórtálacha sofheicthe agus iompórtálacha sofheicthe. (15 mharc)

**(C)** Ón eolas atá tugtha i bh**Foinse 2,**
(i) Ainmnigh an tír a bhfuil an céatadán is mó d'easpórtálacha an domhain aici.
(ii) Ainmnigh an céatadán d'easpórtálacha an domhain a chuireann an AE ar fáil. (15 mharc)

**(D)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste atá le baint ag gnólachtaí Éireannacha as easpórtáil laistigh den Aontas Eorpach. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán atá roimh ghnólachtaí Éireannacha atá ag easpórtáil chun na Síne. (15 mharc)

**(75 marc)**

# CUID 2

## FIONTRAÍOCHT / BAINISTÍOCHT

### CEIST 4

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Bia den scoth ó Dhaoine den scoth**



Téann Michelle chuig an halla gleacaíochta go rialta. Fuair sí deacair é 'mearbhia' sláintiúil a fháil in Éirinn. D'éirigh sí as a post agus rinne sí a cuid coigiltis a infheistiú in "Bia den scoth ó Dhaoine den scoth", preab-bhialann i lár na cathrach i mBaile Átha Cliath atá suite in aice lena lán hallaí gleacaíochta áitiúla. Díolann sí mearbhia sláintiúil ansin. Tá seachtar fostaithe sa ghnólacht. I measc na gcustaiméirí tá lúthchleasaithe, daoine atá an-tugtha don aclaíocht, oibrithe oifige, teaghlaigh, mic léinn, etc. Bíonn cruinnithe seachtainiúla aici leis an bhfoireann oibre agus d'fhógair sí le déanaí go raibh pleananna aici seirbhís seachadta a thairiscint do chustaiméirí a chláraíonn do phlean seachtainiúil béilí. Ordóidh an gnólacht tuilleadh stoic gach seachtain ó sholáthraithe chun na horduithe dá sheirbhís seachadta a shásamh.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** thréith/scil fiontraíochta a léirigh Michelle. (Déan tagairt don téacs i do fhreagra.) (15 mharc)


**(B)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** mhodh cumarsáide, seachas cruinnithe, a d'fhéadfadh Michelle a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann oibre atá aici. (15 mharc)

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné de **chur chuige na ceannaireachta daonlathaí**. (15 mharc)

**(D)** (i) **I do fhreagarleabhar**, ainmnigh na riachtanais atá uimhrithe 1 go 5 as an liosta seo a leanas:
Riachtanais Shóisialta; Riachtanais Bhunúsacha/Fhisiceacha; Riachtanais Féinachtála; Riachtanais Urraime; Riachtanais Slándála/Sábháilteachta.

*Scríobh do chuid freagraí mar leanas sa fhreagarleabhar:*
1 =
2 = etc.

**Tosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow**




Leag Maslow amach riachtanais an duine i bhfoirm tosaíochtaí.

(ii) Tabhair breac-chuntas, **agus tú ag úsáid samplaí,** ar an mbealach ar féidir le bainisteoir riachtanais shóisialta a c(h)uid fostaithe a shásamh. (20 marc)

**(E)** Mínigh **dhá** chúis a bhfuil rialú stoic an-tábhachtach do ghnólacht bia. (10 marc)

**(75 marc)**

## BAINISTÍOCHT

### CEIST 5

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Tuarascáil ar árachas gluaisteán in Éirinn**

Tá ardú tagtha ar phréimheanna árachais gluaisteán in Éirinn le blianta beaga anuas. Tháinig ardú suntasach ar phréimh a lán custaiméirí árachais gluaisteán, ainneoin go raibh bónas cheal éilimh acu go fóill. Bíonn ualú ar thiománaithe óga, rud a fhágann go mbíonn a bpréimheanna árachais an-chostasach. Ní léann mórán tiománaithe a bpolasaí árachais go cúramach chun nithe tábhachtacha amhail a mbarrachas polasaí a aimsiú.

**(A)** Mínigh **ceithre** cinn ar bith de na téarmaí árachais a bhfuil líne fúthu thuas. (20 marc)

**(B)** (i) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chineál árachais, seachas árachas gluaisteán.
(ii) Mínigh an prionsabal árachais **meon lánmhaith**. (15 mharc)

**(C)** Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

***Ceisteanna samplacha ar fhoirm thogra i gcomhair árachas gluaisteán.***
Tá ciorcal curtha ag an iarrthóir thart ar fhreagra i ngach cás.

1. An bhfuil aláram slándála/bac dúiseachta ar an ngluaisteán/bhfeithicil? (Tá) / Níl
2. An bhfuil aon phointí pionóis ar do cheadúnas agat? (Tá) / Níl




Mínigh cé acu ualú préimhe nó laghdú préimhe (lascaine) a bheadh mar thoradh ar **gach** ceann de na freagraí ar an bhfoirm thogra thuas i gcomhair árachas gluaisteán.
(10 marc)

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Thug Lucia faoi deara gur fógraíodh post mar Cheannaire Foirne le hÁrachas Aztec. Tugtar sonraí san fhógra maidir le tuarastal, sochar comhchineáil, sonraíocht faoin bpearsa agus sonraí a bhaineann leis an oiliúint a bheidh le fáil ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi.

**(D)** Mínigh **trí cinn** ar bith de na téarmaí a bhfuil líne fúthu thuas. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le hobair foirne i ngnólacht.
(15 mharc)
**(75 marc)**

**BAINISTÍOCHT / GNÓ I nGNÍOMH**

**CEIST 6**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

**Fógraíocht Mheáin Shóisialta Éireann Teo.**



Is mac léinn le Staidéar Gnó in Ollscoil Luimnigh í Niamh Ní Bhroin. Rinne sí taighde margaidh chun a fháil amach cé mhéad gnólacht áitiúil a úsáideann suíomh gréasáin chun a gcuid táirgí a dhíol. Chonaic Niamh go raibh deis ann seirbhís mhargaíochta dhigiteach a chur ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha nach bhfuil rannóg mhargaíochta acu. Is é atá i gceist sa tseirbhís a thairgeann sí ná bainistíocht ar na leathanaigh atá ag na gnólachtaí ar na meáin shóisialta agus ar an bpostáil a dhéanann siad ar na meáin shóisialta. Chabhraigh an t-aiseolas a fuair sí ó na cliaint le Niamh chun teacht ar smaointe faoi sheirbhísí nua a d'fhéadfadh sí a thairiscint do ghnólachtaí áitiúla.

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an bhfógraíocht. (10 marc)

**(B)** Mínigh an **dá** mhodh taighde margaidh **agus** tabhair sampla **amháin** de **gach** modh. (20 marc)

Tá scrúdú á dhéanamh ag Bialann Iodálach Genoa ar a cumas a cuid billí a íoc de réir mar a bhíonn siad dlite.

**(C)** Ríomh Cóimheas an Chaipitil Oibre **agus** Cóimheas na Fíorthástála i dtaca le Bialann Iodálach Genoa ó na sonraí thíos.
**Taispeáin do chuid oibre i do fhreagarleabhar**. (20 marc)

| **2017** | |
|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | **€84,000** |
| **Dliteanas Reatha** | **€42,000** |
| **Stoc ar Deireadh** | **€14,000** |
| **Stoc Tosaigh** | **€18,000** |

**(D)** Ainmnigh **dhá** chostas a bheadh ar ghnólacht mar Bhialann Iodálach Genoa. (10 marc)


**(E)** Pléigh **dhá** theicníc a bhaineann le tionscnaimh díolachán a d'fhéadfadh bialann a úsáid chun díolacháin a mhéadú. (15 mharc)

**(75 marc)**

**GNÓ I nGNÍOMH**

**CEIST 7**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.




**(A)** (i) Ainmnigh **dhá** chéim i saolré táirge thuas, ina bhfuil na díolacháin ag méadú.

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de tháirge ag céim an tseolta/na tabhartha isteach **agus** sampla **amháin** de tháirge ag céim an mheatha.

(15 mharc)

**(B)** *Is le gné an táirge den chumasc margaíochta a bhaineann saolré táirge, pacáistiú táirge agus dearadh táirge.*

Mínigh **dhá** fheidhm atá ag pacáistiú táirge. (15 mharc)

**(C)** (i) Mínigh an téarma **spriocmhargadh**.

(ii) Ainmnigh spriocmhargadh do charranna leictreacha. (20 marc)

**(D)** Léirigh, agus tú ag úsáid léaráide, bealach dáileacháin **amháin** a d'fhéadfadh báicéir a úsáid i gcomhair cácaí úrbhácáilte. (10 marc)

**(E)** (i) Mínigh an téarma **margaíocht tástála**.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá chéim eile i bpróiseas forbartha** táirge nua.

(15 mharc)

**(75 marc)**

## GNÓ I nGNÍOMH

**CEIST 8**

Léigh an t-eolas a thugtar thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Oifig Fiontair Áitiúil
Local Enterprise Office

Cuireann Oifigí Fiontair Áitiúil ar fud na hÉireann comhairle agus cúnamh ar fáil do ghnólachtaí atá ag féachaint le tosú ag feidhmiú. San áireamh ansin tá cúnamh leis an ngnólacht a bhunú, plean gnó a chur le chéile, teacht ar airgeadas, margaíocht, agus reáchtáil an ghnólachta ó lá go lá. Cuirtear meantóirí ar fáil d'úinéir an ghnólachta nua d'fhonn comhairle neamhspleách a thabhairt chun cabhrú le cinnteoireacht.

**(A)** Mínigh **dhá** difríocht idir Trádálaí Aonair agus Comhpháirtíocht mar chineálacha úinéireacht ghnó. (15 mharc)

**(B)** (i) Liostaigh **dhá** cheannteideal a bhíonn san áireamh i bplean gnó.
(ii) Mínigh **dhá** bhuntáiste atá le baint as plean gnó a ullmhú. (20 marc)

**(C)** Mínigh **trí** cinn ar bith de na foinsí airgeadais seo a leanas:
(i) Scairchaipiteal/Caipiteal Cothromais
(ii) Rótharraingt Bhainc
(iii) Léasú
(iv) Iasacht Mheántéarma. (15 mharc)

**(D)** Mínigh **dhá** ghné den Jabtháirgeadh. (15 mharc)

**(E)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán do ghnólachtaí nuathionscanta in Éirinn. (10 marc)
**(75 marc)**

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán